# Bia



## Labhair Linn: Ocras agus tart

**Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí**

Tá ocras / tart orm. Tá ocras / tart an domhain orm.
Cad ba mhaith leat? Ba mhaith liom ...
An dtaitníonn ... leat? Taitníonn sé go mór liom. / Ní thaitníonn sé liom.
Cad é an béile is fearr leat? Is fearr liom ...

### 2.1 Glac páirt sa dráma.

**Toms** Tá ocras an domhain orm.
Cad ba mhaith leat?

**Kemi** Tá tart an domhain orm.
Ba mhaith liom uisce.

**Toms** Ba mhaith liom ispíní agus sceallóga.
Ba mhaith liom cóla le hól.

**Kemi** Ní thaitníonn ispíní liom.
Taitníonn sicín nó iasc go mór liom.



### Labhair le do chara.

- Cad atá ar Toms?
- Cad atá ar Kemi?
- Cad ba mhaith le Kemi a ól?
- Cad é an béile a thaitníonn le Kemi?
- Cad ba mhaith le Toms a ithe?
- Cad é an béile agus an deoch is fearr leat?
- An dtaitníonn ispíní agus sceallóga leat?
- An dtaitníonn sicín nó iasc leat?

**Tasc: Cad ba mhaith leat sa bhialann? Scríobh trí abairt i do chóipleabhar.**

## Róg an rógaire

**Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí**

Bhíomar ag caitheamh ...

Tá mé gléasta in ...

### 4.1 Éist leis agus léigh an comhrá.



**Gráinne** A Kemi, a Kemi, an bhfeiceann tú mé?
Tá mé i lárionad siopadóireachta i Sydney.
Chonaic mé sibh ar an Nuacht.

**Kemi** Tá a fhios againn. Táimid i bhfolach anseo. Caithfimid éadaí geimhridh a fháil don turas. Bhíomar ag caitheamh éadaí samhraidh ag teacht anseo: t-léinte, brístí gairide agus bróga reatha. Tá geansaithe, brístí géine, cótaí móra, lámhainní, stocaí, riteoga agus scaifeanna uainn.

**Gráinne** Cá bhfaighidh sibh na héadaí geimhridh?

**Kemi** Gheobhaimid ó Bhing iad. Bhualamar le cara nua anseo i mBeijing. Bing is ainm dó. Tá sé imithe abhaile chun éadaí geimhridh a fháil dúinn.

# Slán le mo bhricfeasta

**Feidhmeanna Teanga: Eiseamláirí**

Lean na ... iad.
Bhí ... taobh amuigh de ...
Tá sé ina chónaí ...
Tá siad ina gcónaí ...

## 5.3 Éist leis agus léigh an scéal.



Rith Róg agus Lúlú suas an cnoc arís. Lean na páistí a bhí ar an bhféar iad. Bhí buachaill ar chapall ag féachaint ar a chairde ag rith suas an cnoc. Kaleb ab ainm dó.

Lean sé iad. Go tobann stop Róg agus Lúlú. Bhí béar mór taobh amuigh de thípí amháin.

'Caithfidh tú rud éigin a dhéanamh,' arsa Kemi le Kaleb.

Chuaigh Kaleb go tapaidh ar a chapall. Chas an béar mór agus rith sé ina dhiaidh.

Chaith Kaleb mála ar an talamh. Stop an béar mór ag an mála.

'Á bhuel! Sin é mo bhricfeasta imithe,' arsa Kaleb leis féin.

'Is mise Koko agus seo é mo dheartháir Askook. Sin é Kaleb ar an gcapall,' arsa Koko le Kemi, Liam agus Toms.

'Ní fhaca mé sibh cheana. Cad as sibh?' arsa Askook.

'Is as Éirinn sinn. Cá bhfuilimid?' arsa Kemi.

'Tá sibh i Montana. Is sibhse na páistí sa bhalún,' arsa Kaleb. 'Tagaigí go dtí mo theach. Tá mo thuismitheoirí imithe.'

'Tá Kaleb ina chónaí ar rainse mór,' arsa Koko. 'Táimid inár gcónaí ar an tearmann. Tá ár dteach i bhfad níos lú ná teach Kaleb. Is bungaló é.'

'Tá sé níos mó ná an típí ach nílimid inár gcónaí sa típí a thuilleadh. Bímid inár gcónaí iontu anois is arís i rith na bliana,' arsa Askook.

